Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13894/25**

**PROCIV 125**
**JAI 1379**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 561 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Bainistiú riosca agus forbairt athléimneachta a chur chun cinn san Eoraip:<br>An chéad tuarascáil i dtaca le cur chun feidhme spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí<br>An dara nuashonrú maidir le cosc agus bainistiú riosca tubaistí san Eoraip |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 561 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 561 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2025
COM(2025) 561 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Bainistiú riosca agus forbairt athléimneachta a chur chun cinn san Eoraip:**
**An chéad tuarascáil i dtaca le cur chun feidhme spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí**
**An dara nuashonrú maidir le cosc agus bainistiú riosca tubaistí san Eoraip**

{SWD(2025) 279 final}

GA GA

## 1. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Beidh ról lárnach ag Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (SACS) maidir leis an mbainistiú riosca tubaistí a mhúnlú ar fud na hEorpa amach anseo. Is cur chuige réamhghníomhach, réamh-mheasta atá á chur chun cinn leis an sásra sin maidir le hullmhacht i leith tubaistí agus athléimneachta, i gcomhréir le Spriocanna an Aontais maidir le hAthléimneacht ó Thubaistí (SATanna) a glacadh in 2023[1], agus Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta[2] a glacadh le déanaí.

**Sa tuarascáil seo is é bainistiú riosca agus forbairt na hathléimneachta san Aontas ó pheirspictíocht SACS de a bheidh á scrúdú.** Breithneofar forbairtí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon inti, agus díreofar ar cheithre réimse théamacha: réamh-mheas; ullmhacht an daonra; luathrabhadh; agus athléimneacht na cosanta sibhialta. Is í seo an **chéad tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme na SATanna** de bhun Airteagal 34(2) agus an **dara tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le rioscaí a chosc agus a bhainistiú** faoi Airteagal 5(1)(g) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

**Deimhníonn na torthaí go ginearálta go bhfuil gá le cur chuige níos réamhghníomhaí, níos cuimsithí agus níos comhtháite maidir le hathléimneacht agus ullmhacht, rud a mholtar i Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta.** I réimse an **réamh-mheasta,** is gá sonraí ardcháilíochta, taighde eolaíoch, agus uirlisí agus cumais anailíseacha a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le cinnteoireacht a ndéanann an riosca eolas di. Le measúnú cuimsitheach an Aontais Eorpaigh ar rioscaí agus bagairtí atá beartaithe do 2026, cuirfear borradh breise faoin iarracht sin ar fud na n-earnálacha.

Is rud ríthábhachtach i gcónaí é **ullmhacht an daonra** a fheabhsú. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta, tá bearnaí suntasacha ann i gcónaí, rud a chuireann i dtábhacht a riachtanaí atá sé breis uirlisí cumarsáide a fhorbairt chun athrú iompraíochta a spreagadh, cultúr ullmhachta a chothú, agus cumarsáid chuimsitheach a bhaineann le grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, a áirithiú. Ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe ar leibhéal an Aontais, tá lá feasachta riosca AE agus treoirlínte nua agus oiliúint phíolótach do shaineolaithe náisiúnta maidir le teachtaireachtaí faoin riosca. Trí shineirgí leis an Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach dar teideal ProtectEU[3] feabhsófar an chumarsáid agus an comhordú maidir le rioscaí, bagairtí agus athléimneacht ar fud an Aontais.

Ar na réimsí eile fócais go dtí seo tá a éifeachtaí atá **na córais luathrabhaidh**. Le dul chun cinn teicneolaíoch amhail seirbhís bainistithe práinne Copernicus agus seoladh sheirbhís satailíte rabhaidh éigeandála Galileo, cé go gcuirtear feabhas suntasach ar na hacmhainneachtaí foláirimh phoiblí, is gné lárnach i gcónaí iad tosca eagraíochtúla agus daonna chun rabhaidh a chlaochlú ina ngníomhaíochtaí tráthúla agus beatha daoine a shábháil. Beidh gá le hobair leanúnach chun scaipeadh foláireamh, pleanáil theagmhasach agus comhtháthú na gcóras luathrabhaidh ilghuaise idir-inoibritheach a neartú ar an leibhéal náisiúnta agus trasteorann.

Chun **athléimneacht na cosanta sibhialta** a fhorbairt, thug an Coimisiún agus na Ballstáit faoi thionscnaimh chun tástáil struis a dhéanamh ar lárionaid oibríochtaí éigeandála agus feabhas a chur ar phleanáil infheistíochtaí. Tá infheistíochtaí leanúnacha sa bhonneagar fisiceach agus sna próisis oibríochtúla araon ríthábhachtach chun leanúnachas na seirbhísí éigeandála a áirithiú. Beidh sé tábhachtach an athléimneacht airgeadais a neartú freisin chun feabhas a chur

[1]COM(2023) 61 final an 8.2.2023.
[2]JOIN(2025) 130 final an 26.3.2025.
[3] COM/2025/148 final an 1.4.2025.

ar an bhfreagairt ar ghéarchéimeanna gan choinne agus ar théarnamh tapa uathu. Is rud é an comhar trasearnála agus trasteorann a bheidh fíor-riachtanach i gcónaí don athléimneacht ó thubaistí uile-rialtais.

Rinne an Coimisiún **sraith straitéisí fothaithe acmhainneachta SACS** a mhéadú chun tacaíocht níos fearr a thabhairt d'iarrachtaí cosanta sibhialta ar fud an Aontais. Beidh an tacaíocht sin le treisiú a thuilleadh chun an bainistiú riosca tubaistí a neartú agus na SATanna a chur chun feidhme.

Cé go ndírítear go príomha sa tuarascáil seo ar fhorbairtí laistigh den Aontas, agus go háirithe ar SACS, aithnítear nach féidir sábháilteacht an Aontais agus iarrachtaí maidir le bainistiú riosca tubaistí a shaothrú ina n-aonar. Beidh sé fíor-riachtanach an athléimneacht a neartú i réigiúin chomharsanacha agus oibriú i dtreo crios sábháilteachta níos leithne mórthimpeall an Aontais chun ullmhacht an Aontais a threisiú agus slándáil chomhroinnte a áirithiú.

## 2. Réamhrá

Le blianta beaga anuas, bhí ar an Aontas aghaidh a thabhairt ar réimse leathan tubaistí, géarchéimeanna agus bagairtí as ar eascair bás daoine, damáiste méadaitheach[4], agus leochaileachtaí a nochtadh sna córais lena soláthraítear seirbhísí fíor-riachtanacha. Bhí ról lárnach ag SACS i bhfreagairt chomhchoiteann an Aontais trí chúnamh éigeandála comhordaithe a chur ar fáil do thíortha a bhí i ngátar. Chuaigh SACS i ngleic freisin leis an dúshlán a bhaineann leis na castachtaí breise sa timpeallacht riosca trína chumais freagartha a neartú trí bhíthin leathnú rescEU[5] agus tríd an Lárionad Comhordaithe Práinnfhreagartha (LCPF) a neartú. Díríodh sna hiarrachtaí freisin ar an mbainistiú riosca tubaistí agus forbairt na hathléimneachta a threisiú, go háirithe trí na SATanna a ghlacadh i réimse na cosanta sibhialta in 2023[6], agus Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta a ghlacadh in 2025[7], straitéis a bhfuil raon feidhme trasearnála níos leithne ag baint léi.

**Scrúdófar bainistiú riosca agus forbairt na hathléimneachta san Aontas sa tuarascáil seo,** agus díreofar ar cheithre réimse théamacha:

1. Réamh-mheas;
2. Ullmhacht an daonra;
3. Luathrabhadh; agus
4. Athléimneacht na cosanta sibhialta.

Cumhdófar dhá oibleagáid ar leith faoin gCinneadh maidir le SACS[8], eadhon an **chéad tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis na SATanna** de bhun Airteagal 34(2) agus an **dara tuarascáil ar an dul chun cinn maidir le rioscaí a chosc agus a bhainistiú** faoi Airteagal 5(1)(g).

Déantar breithniú ar **fhorbairtí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon** sa tuarascáil, agus aithneofar teorainneacha áirithe freisin mar gheall ar thráthchlár agus raon

[4] https://www.eea.europa.eu/en/analysis/indicators/economic-losses-from-climate-related
[5] https://civil-protection-humanitarian-aid.ec.europa.eu/what/civil-protection/resceu_en
[6]COM(2023) 61 final an 8.2.2023.
[7]JOIN(2025) 130 final an 26.3.2025.
[8] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:02013D1313-20210101

feidhme éagsúil na sonraí atá ar fáil. Bunaítear **léargais náisiúnta** ar aighneachtaí ó na Ballstáit agus ó na Stáit Rannpháirteacha faoi Airteagal 6 den Chinneadh maidir le SACS, lena gcuirtear i dtábhacht an dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh tuarascáil 2024 ón gCoimisiún maidir le 'Riosca tubaiste san Eoraip a chosc agus a bhainistiú'[9]. Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil sin, rinneadh iniúchadh níos doimhne ar thorthaí na léargas náisiúnta sin. Áirítear ar na forbairtí ar **leibhéal an Aontais** tionscnaimh níos déanaí ón gCoimisiún arb é is aidhm dóibh na SATanna a chur chun cinn agus tacú leis an mbainistiú riosca faoi SACS.

[9] COM(2024) 130 final agus SWD(2024) 130 final

## 3. RÉAMH-MHEAS

**SAT 1 'Réamh-mheas' - Measúnú riosca, réamh-mheas agus pleanáil bainistithe riosca tubaistí a fheabhsú.** Le Sprioc 1, agus an tionscnamh suaitheanta a ghabhann léi maidir le forbairt cásanna, tugadh móiminteam nua do shruthanna oibre réamh-mheasta. Táthar ag iarraidh go bhfeabhsófar an úsáid a bhaintear as an bhfadbhreathnaitheacht agus as cineálacha cur chuige i leith ilghuaiseacha, go ndéanfar measúnú ar leochaileachtaí, ar thionchair thrasteorann agus thrasearnála, agus go ndéanfar eolas ar rioscaí a chomhtháthú sa phleanáil coisc agus ullmhachta.

### 3.1. TIONSCNAIMH ÓN GCOIMISIÚN

Bhí dhá phríomhghníomhaíocht lenar neartaíodh an cumas réamh-mheas a dhéanamh sa tréimhse 2023-2024: (i) cásanna tubaiste a fhorbairt lena gcuirtear bonn eolais faoi phleanáil SACS; agus (ii) feabhas a chur ar shonraí riosca i gcás rioscaí trasteorann.

#### *3.1.1. Creatlacha cáis a chruthú: uirlis nua chun ullmhacht SACS i leith mórthubaistí a neartú*

Seoladh tionscnamh suaitheanta in 2023 a forbraíodh i gcomhar le saineolaithe náisiúnta, seirbhísí an Choimisiúin, agus taighdeoirí, inar baineadh leas as saineolas beartais oibríochtúil, eolaíoch agus téamach, agus cruthaíodh deich gcás tubaiste uile-Aontais leis an **bhfreachnamh chun creatlacha cáis a chruthú**. Leis na cásanna sin cumhdaíodh 16 ghuais nádúrtha agus antrapaigineacha, a roghnaíodh mar léiriú ar a mhéid atá timpeallacht riosca an Aontais ag athrú, agus chun iniúchadh a dhéanamh ar na teagmhais inchreidte ba mheasa a mbeadh tionchair thrasteorann agus thrasearnála acu[10].

Tháinig raon leathan torthaí cás-shonracha as an anailís, agus nochtadh roinnt réimsí tosaíochta trasearnála freisin nár mhór gníomhaíocht threisithe a dhéanamh ina leith *(féach Bosca 1 thíos)*. Úsáidfear na torthaí chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil coisc agus ullmhachta ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear spriocanna a leagan síos le haghaidh acmhainneachtaí freagartha SACS agus comhordú a neartú idir an chosaint shibhialta agus réimsí beartais eile. Is mar phróiseas leanúnach a shamhlaítear cruthú na gcreatlach cáis: d'fhéadfaí creatlacha cáis breise a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar chinn atá ann cheana mar fhreagairt ar rioscaí a thagann chun cinn agus tosaíochtaí beartais.

#### *3.1.2. Sonraí riosca uile-Aontais a thógáil chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí trasteorann agus iad a bhainistiú*

Tá infheistíocht déanta ag SACS chun an bonn eolais is gá le haghaidh bainistiú riosca réamh-mheasta a neartú, lena n-áirítear tríd an **Mol Sonraí Riosca**, a forbraíodh laistigh de Lárionad Eolais an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde um Bainistiú Riosca Tubaistí.

Bunaíodh an Mol Sonraí Riosca, a thugann tacaíocht don bhainistiú riosca tubaistí agus d'oiriúnú don athrú aeráide araon, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na sonraí riosca ilroinnte neamhréireacha ar leibhéal an Aontais atá ann le fada. Is ardán lárnach é, a

[10] San áireamh sna cásanna sin bhí timpiste núicléach thromchúiseach; aimsir fhoircneach gheimhridh a raibh cibear-chomhpháirt ag baint léi; tonn teasa tromchúiseach; géarchéim fuinnimh laistigh den Aontas; paindéim thromchúiseach; coinbhleacht armtha; ionsaí sceimhlitheoireachta; súnámaí mar thoradh ar chrith talún; truailliú uisce intíre agus truailliú cósta; agus brúchtadh bolcánach. Mar gheall ar a íogaire a bhí ábhar na gcreatlach cáis sin, níl siad ar fáil go poiblí.

sholáthraíonn rochtain saor in aisce ar thacair sonraí choimeádta fhianaise-bhunaithe maidir le guaiseacha, neamhchosaint, leochaileacht, agus damáistí agus caillteanais de bharr tubaistí. Is é is aidhm do na hiarrachtaí leanúnacha méid agus cáilíocht na dtacar sonraí sin a leathnú, lena ndéanfar scóir ghuaise, neamhchosaint an daonra, na bhfoirgneamh, an bhonneagair chriticiúil, agus leochaileacht ilghnéitheach a chomhtháthú chun forléargas comhtháite a thabhairt ar rioscaí tubaiste agus cur le feasacht an phobail.

**Bosca 1: Ceachtanna a foghlaimíodh as cruthú creatlach cáis an Aontais: cúig réimse tosaíochta don ghníomhaíocht threisithe**

*i.* Acmhainneacht freagartha SACS: an gá atá le cumais freagartha oibríochtúla a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear forbairt agus éagsúlú leanúnach chúltaisce rescEU[11];

*ii.* Comhordú trasearnála: tá gá le béim níos mó ar chur chuige uile-ghuaise, comhordú trasearnála, agus rannpháirtíocht le gníomhaithe cosanta neamh-shibhialta chun a bheith níos ullmhaithe d'éigeandálaí casta;

*iii.* Eolas agus cumarsáid maidir le rioscaí: is gá feabhas a chur ar an réamh-mheas, ar shainaithint rioscaí, cumarsáid maidir le rioscaí, ullmhacht an daonra, agus luathrabhadh;

*iv.* Grúpaí leochaileacha a chur san áireamh: maidir le socruithe coisc, ullmhachta agus freagartha, ba cheart comhtháthú níos córasaí a dhéanamh ar riachtanais shonracha grúpaí leochaileacha agus daoine faoi mhíchumas;

*v.* Maoiniú: d'fhéadfadh sásraí cistiúcháin treisithe agus níos solúbtha cabhrú le freagairt do thubaistí trasearnála, fadtéarmacha agus trasteorann.

### 3.2. TIONSCNAIMH NÁISIÚNTA

Sa tuairisciú ó na Ballstáit agus ó na Stáit Rannpháirteacha[12] a bhaineann le réamh-mheas feictear forbairt leanúnach ar mhodheolaíochtaí measúnaithe riosca, léiriú ar dhul chun cinn i roinnt réimsí. Cé gurb iad measúnuithe riosca aonair an cur chuige is coitianta i gcónaí, **tá aird níos mó á tabhairt ar gach cur chuige i leith guaise agus ar rioscaí cumaisc agus éifeachtaí cascáideacha a scrúdú,** go háirithe maidir le bonneagar criticiúil. Tá aird bhreise á tabhairt ar rioscaí éiritheacha freisin, agus tá modhanna fadbhreathnaitheachta agus réamh-mheasta in úsáid anois ag breis is trian de na tíortha chun rioscaí a shainaithint. Ina measc siúd, rinne an Bheilg, Éire agus an Ísiltír scanadh ionchais[13] a chomhtháthú ina bpróisis measúnaithe riosca.

Is iad tuilte, adhaimsir, timpistí núicléacha agus raideolaíocha, triomach, agus rioscaí sláinte (de thionscnamh antrapaigineach nó ainmhíoch) na rioscaí is minice a thuairiscítear i gcónaí. Mar sin féin, mar gheall ar an timpeallacht riosca atá ag teacht chun cinn, tá **bagairtí agus creatlacha nua á gcur san áireamh, go háirithe i réimse na slándála**. Tá ag méadú ar an bhfeasacht ar rioscaí antrapaigineacha, lena n-áirítear timpistí tionsclaíocha agus núicléacha, suaití ar an mbonneagar criticiúil, agus cibirionsaithe. Tháinig méadú suntasach ar an tuairisciú ar rioscaí comhshaoil agus ceimiceacha ó 2015 i leith, agus tháinig an méadú is géire ar rioscaí iompair ó 2020 i leith.

---

[11] bunaíodh rescEU mar chúltaisce straitéiseach de chumais agus stoc-chairn freagartha Eorpacha do thubaistí, arna chistiú go hiomlán ag an Aontas Eorpach. Is éard atá ann flít eitleán agus héileacaptar comhraic dóiteáin, eitleán aslonnaithe leighis, agus roinnt stoc-charn riachtanach.

[12] Is iad na tíortha atá rannpháirteach in SACS an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Íoslainn, an Mholdóiv, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an Iorua, an tSeirbia, an Tuirc agus an Úcráin.

[13] Is modh fadbhreathnaitheachta é scanadh ionchais chun comharthaí luatha ar fhorbairtí a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach a bhrath go córasach, féach freisin https://www.eea.europa.eu/en/analysis/publications/horizon-scanning-tips.

Is mó de mheasúnú a dhéanann tíortha anois ar leochaileacht limistéar, earnálacha agus daonraí, agus tá cainníochtú á dhéanamh acu ar thionchair dhaonna, eacnamaíocha agus chomhshaoil tubaistí. Tá roinnt tíortha a rinne tionchair an athraithe aeráide a chomhtháthú ina measúnuithe riosca, agus impleachtaí polaitiúla agus sochaíocha an athraithe aeráide a chur san áireamh freisin, amhail imirce faoi thionchar na haeráide. Is léiriú é ar an tuiscint atá ag teacht chun cinn ar na naisc idir bainistiú riosca tubaiste agus oiriúnú don athrú aeráide, agus **aithnítear an t-athrú aeráide mar phríomhspreagthóir riosca**.

Léirítear i dtuarascálacha náisiúnta go bhfuil **dul chun cinn déanta maidir le sonraí a bhaineann le caillteanas de dheasca tubaiste a bhailiú**, agus thagair an Spáinn, an Phortaingéil agus an Ungáir do bhunachar sonraí náisiúnta aonair a fhorbairt. D'ainneoin go n-aithnítear go forleathan a thábhachtaí atá sonraí a bhaineann le caillteanas agus damáiste don anailís riosca agus don phleanáil, tá bearnaí suntasacha fós ann, amhail easpa córais aontaithe náisiúnta chun sonraí a chomhdhlúthú agus gan ach cumhdach teoranta ar shonraí a bhailítear.

### 3.3 An Bealach Chun Tosaigh

Leagtar amach i Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta an treo don obair a dhéanfar amach anseo, agus cuirtear i dtábhacht a thábhachtaí a bheidh réamh-mheas agus cur chuige uile-ghuaise i leith na hullmhachta. Chun an fhís sin a bhaint amach, beidh sé fíor-riachtanach an acmhainneacht a fhorbairt chun raon leathan cásanna tubaiste a thuar agus a mheasúnú agus ullmhú dóibh, agus díriú ar leochaileachtaí trasearnála, rioscaí cumaisc, agus éifeachtaí cascáideacha.

Sna blianta romhainn, beidh ríthábhacht le hinfheistíocht leanúnach san eolaíocht, i sonraí ardcháilíochta agus i gcumais anailíseacha chun an t-eolas agus na léargais a ghiniúint ar den riachtanas iad chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht. Céim shuntasach chun cinn sa phleanáil ullmhachta ab ea forbairt na gcásanna tubaiste uile-Aontais toisc go n-athraíonn sí fianaise rioscabhunaithe ina toimhdí pleanála comhaontaithe le haghaidh SACS. Beidh measúnú riosca cuimsitheach an Aontais a bheartaítear do 2026 ina phríomhuirlis chun an bonn fianaise le haghaidh cosc agus ullmhacht trasearnála níos leithne a neartú. Leis an measúnú sin, ba cheart tacaíocht agus fianaise bhreise a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi iarrachtaí náisiúnta bainistithe riosca agus infheistíocht straitéiseach san athléimneacht ar fud an Aontais a threorú, rud a chuideoidh agus aghaidh á tabhairt ar na bearnaí leanúnacha sna sonraí a bhaineann le riosca tubaiste agus le caillteanas de bharr tubaistí, ar bearnaí iad a chuireann bac faoi láthair ar an réamh-mheas ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon.

I gcomhthéacs rioscaí a bhaineann leis an aeráid, tá gá le comhtháthú níos fearr idir an bainistiú riosca tubaistí agus oiriúnú don athrú aeráide chun réamh-mheas éifeachtach a dhéanamh. Tá eolas agus réitigh á nginiúint cheana féin ag Misean an Aontais um Oiriúnú don Athrú Aeráide chun tacú leis an iarracht sin agus leanfaidh sé de chomhar a éascú idir gníomhaithe aeráide agus gníomhaithe riosca tubaiste ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, rud a chuideoidh chun an ullmhacht ghearrthéarmach agus mheántéarmach a ailíniú le pleanáil oiriúnaithe fhadtéarmach i leith guaiseacha a bhaineann leis an aeráid.

Ba cheart neartú na n-acmhainneachtaí réamh-mheasta a leathnú lasmuigh den Aontas freisin, go háirithe chuig tíortha comharsanacha ar minic iad ar thúslíne na rioscaí atá ag teacht chun cinn agus ar féidir leo ról tábhachtach a imirt maidir le héifeachtaí iarmharta diúltacha a mhaolú. Ós rud é nach bhfuil na sonraí riosca ná na hinniúlachtaí institiúideacha is gá le haghaidh ullmhacht réamh-mheasta ag go leor de na comhpháirtithe sin faoi láthair, threiseofaí athléimneacht an Aontais féin ach aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin.

## 4. Ullmhacht an daonra

**SAT 2 'Ullmhúchán' – Chun feasacht riosca agus ullmhacht an daonra a mhéadú.** Le Sprioc 2, cuirtear rochtain an phobail ar fhaisnéis riosca chun cinn, spreagtar bearta ullmhachta a ghlacadh, agus cothaítear cultúr coisc agus rannpháirtíochta sibhialta. Leagtar síos cuspóir uaillmhianach leis an sprioc sin: faoi 2030 ba cheart do 90 % de dhaonra an Aontais a bheith ar an eolas faoi na rioscaí tubaiste ina réigiún[14]. Ó 2024 ar aghaidh, bhí leibhéal feasachta 67 % ann, agus deiseanna dul chun cinn á gcur i dtábhacht[15].

Cé gurb iad na húdaráis náisiúnta atá freagrach as cumarsáid phoiblí maidir le rioscaí agus ullmhacht, is féidir le SACS tacú le hiarrachtaí náisiúnta trí mhalartú eolais, fothú acmhainneachta, agus cúnamh airgeadais le haghaidh tionscnaimh náisiúnta agus trasteorann.

### 4.1. Tionscnaimh de chuid an Choimisiúin

#### *4.1.1. tionscnamh suaitheanta preparEU*

Chun SAT 2 'Ullmhúchán' a chur chun cinn, sheol an Coimisiún an **tionscnamh suaitheanta *preparEU***. Sa chomhthéacs sin, bhí mapáil ar chleachtais cumarsáide riosca ar fud an Aontais, mar aon le comhairliúcháin leis na Ballstáit agus leis na Stáit Rannpháirteacha, a shainaithin riachtanais choiteanna agus réimsí ina bhféadfadh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais breisluach a chur leo (*féach Bosca 2*). Léirigh an próiseas timpeallacht cumarsáide riosca atá saibhir ach ilroinnte, ina bhfuil go leor tionscnamh luachmhar atá scaipthe agus ar deacair rochtain a fháil orthu don phiarfhoghlaim. Mar fhreagairt ar na riachtanais a sainaithníodh, **d'fhorbair an Coimisiún pacáiste fothaithe acmhainneachta** ina bhfuil:

- stór dea-chleachtas agus ábhar tacaíochta ar ardán Líonra Eolais an Aontais um Chosaint Shibhialta[16];
- oiliúint ón Aontas le haghaidh gairmithe cumarsáide riosca;
- pobal cleachtais mar nasc idir na cleachtóirí agus chun an phiarfhoghlaim a éascú.

In 2024, **d'fhoilsigh an Coimisiún lámhleabhar dea-chleachtais maidir le múscailt feasachta i leith rioscaí falscaithe**[17], inar díríodh ar shaincheist chriticiúil ag cur san áireamh gurb í gníomhaíocht an duine is cúis le 96 % de na falscaithe[18]. Léirítear tionscnaimh ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin sa lámhleabhar, agus cuirtear príomhthosca i dtábhacht a chuireann le múscailt feasachta, amhail straitéisí cumarsáide spriocdhírithe a fhorbairt, comhar ar fud earnálacha agus leibhéil rialachais, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, teachtaireachtaí a chur in oiriúint do chomhthéacsanna áitiúla, cistiú marthanach a fháil, agus eolaíocht a nascadh leis an gcleachtas.

Tá ríthábhacht freisin le **tuiscint a fháil ar an gcaoi a mbraitheann daoine rioscaí agus ar an gcaoi a bhfreagraíonn siad do chomhairle ullmhachta** maidir le múscailt feasachta. Sa

[14] Moladh ón gCoimisiún maidir le spriocanna athléimneachta an Aontais de dheasca tubaistí, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32023H0215%2801%29&qid=1676531610023.
[15] Tuarascáil Speisialta Eorabharaiméadair 541 Cosaint Shibhialta an Aontais Eorpaigh, Príomhthorthaí, lch. 7, https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/2977.
[16] https://civil-protection-knowledge-network.europa.eu
[17] Nóta dea-chleachtais maidir le feasacht ar riosca falscaithe.pdf
[18] https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/5afff469-a62c-11ef-85f0-01aa75ed71a1/language-en

chomhthéacs sin, tá staidéir iompraíochta á ndéanamh ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a léirmhíníonn daoine aonair an chumarsáid maidir le rioscaí agus a bhfreagraíonn siad di. Is féidir le léargais ón obair sin cuidiú le feabhas a chur ar dhearadh teachtaireachtaí agus cur chuige poiblí, rud a chothaíonn ní hamháin feasacht mhéadaithe, ach cur chun feidhme gníomhaíochtaí ullmhachta freisin.

**Bosca 2: An treoirthionscadal *preparEU* – Joining forces for population preparedness [Oibriú as lámh a chéile ar mhaithe le hullmhacht an daonra].**

Tá ról tábhachtach ag na Ballstáit agus ag na Stáit Rannpháirteacha maidir leis an tionscnamh suaitheanta *preparEU* a chur chun cinn. Scrúdaigh údaráis náisiúnta cosanta sibhialta ón tSualainn, ón Iorua, ón Spáinn agus ón mBeilg mar a bhféadfadh gné Eorpach gníomhaíochtaí faisnéise riosca náisiúnta a chomhlánú agus mar a bhféadfadh sí tacú leo. I dtreoirthionscadal arna mhaoiniú ag an Aontas, sainaithníodh na réimsí gníomhaíochta seo a leanas chun feasacht ar rioscaí agus ullmhacht san Aontas a fheabhsú:

i. *Bunghnéithe na féinullmhachta – treoirlínte maidir le hullmhacht teaghlaigh lena dtugtar aghaidh ar riachtanais ghinearálta agus uilíocha;*
ii. *Clár foghlama do scoileanna – ullmhacht do thubaistí a chomhtháthú i gcuraclaim scoile chun cultúr ullmhachta a chothú ó aois óg;*
iii. *Grúpaí leochaileacha – teagmháil a dhéanamh le grúpaí leochaileacha agus páirt a thabhairt dóibh (lena n-áirítear: treoirlínte chun tacú le gairmithe cumarsáid chuimsitheach maidir le riosca a dhéanamh);*
iv. *Lá/Laethanta preparEU – imeacht bliantúil uile-Aontais atá beartaithe chun feasacht an phobail a mhúscailt maidir le féinullmhacht agus athléimneacht i leith riosca;*
v. *Mol gréasáin le haghaidh cumarsáid riosca agus ullmhacht i leith riosca – stór ar líne atá beartaithe chun faisnéis agus uirlisí a bhaineann le cumarsáid maidir le feasacht an phobail ar rioscaí a chomhroinnt ar fud an Aontais.*

Cuideoidh na moltaí sin le múnlú chur chun feidhme ghníomhaíochtaí an Choimisiúin maidir leis an tionscnamh suaitheanta preparEU agus ullmhacht an daonra.

*4.1.2. Eorabharaiméadar maidir le feasacht agus ullmhacht an phobail i leith rioscaí*

Chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar fheasacht agus ullmhacht an phobail i leith rioscaí ar fud an Aontais, rinne an Coimisiún an **chéad suirbhé Eorabharaiméadair riamh** ar an ábhar sin, suirbhé a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2024[19]. Rinneadh iniúchadh sa suirbhé ar ghnéithe éagsúla den fheasacht agus den ullmhacht i leith rioscaí, lena n-áirítear rioscaí a mheastar a bheith ann, foinsí faisnéise, agus a bheith toilteanach páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ullmhachta.

Léiríonn príomhthorthaí an tsuirbhé go bhfuil **easpa feasachta agus ullmhachta ar go leor Eorpach i leith tubaistí.** Bhí thart ar leath na bhfreagróirí a bhraith nach bhfuil siad ullamh do rioscaí áitiúla agus thart ar dhá thrian de na freagróirí a bhraith go dteastaíonn breis faisnéise uathu chun a bheith in ann ullmhú do thubaistí nó d'éigeandálaí. Tá leibhéil ullmhachta ann go pointe áirithe, agus bhraith thart ar leath na bhfreagróirí nach bhfuil ullamh do thubaistí, agus bhí leibhéil éagsúla i gceist ag brath ar thosca amhail tír, ioncam, oideachas, agus suíomh uirbeach nó faoin tuath.

Cuirtear réimsí i dtábhacht sa suirbhé a d'fhéadfaí a fheabhsú, lena n-áirítear leibhéal íseal rannpháirtíochta pobail agus gan ach athléimneacht theoranta ann i leith suaití sna seirbhísí

[19] https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/3228

criticiúla. Mar sin féin, léirítear ann freisin ardleibhéal muiníne as seirbhísí éigeandála agus go bhfáilteofaí roimh fhaisnéis maidir le hullmhacht do thubaistí, rud a thugann deis cur leis na láidreachtaí sin agus feabhas a chur ar an bhfeasacht ghinearálta ar rioscaí agus ar an ullmhacht ina leith.

## 4.2. Tionscnaimh Náisiúnta

Sna sonraí ó na Ballstáit agus ó na Stáit Rannpháirteacha leagtar béim ar a thábhachtaí atá cumarsáid phoiblí maidir le rioscaí agus ullmhacht, agus dul chun cinn á dhéanamh ag tíortha i raon leathan gníomhaíochtaí.

**Tá níos mó tíortha anois a chuireann faisnéis faoi rioscaí ar fáil don phobal,** d'fhoilsigh 23 thír torthaí a measúnuithe riosca ar shuíomhanna gréasáin oifigiúla agus beidh na torthaí sin in úsáid acu chun tacú le hiarrachtaí ullmhachta. Mar shampla, úsáideann an Fhionlainn agus Montainéagró torthaí measúnuithe riosca atá ar fáil go poiblí mar bhonn eolais le haghaidh freachnaimh oiliúna agus ullmhachta. Déanann an Danmhairg agus Éire suirbhéanna ar thuiscint na saoránach ar rioscaí agus ar ullmhacht.

**Chuir na Ballstáit agus na stáit rannpháirteacha cuir chuige nua chun feidhme maidir le cumarsáid riosca agus múscailt feasachta**, amhail cluichí teagaisc agus lá náisiúnta nó seachtain náisiúnta na cosanta sibhialta a eagrú. Cé go bhfuil suíomhanna gréasáin agus an t-idirlíon fós ar na bealaí cumarsáide is mó a tuairiscíodh, tá méadú faoi dhó tagtha ar fheachtais feasachta riosca agus ar úsáid ábhar clóite i gcomparáid le 2020. Sheol na tíortha Nordacha tionscnaimh feasachta poiblí amhail feachtais maidir le hullmhacht bhaile, acmhainní oideachais, agus bróisiúir fhaisnéiseacha chun borradh a chur faoi ullmhacht na sochaí d'éigeandálaí agus coinbhleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann.

**Dírítear gníomhaíochtaí náisiúnta feasachta riosca agus cumarsáide ar ghrúpaí sonracha,** lena n-áirítear daonraí leochaileacha, cónaitheoirí séasúracha, agus daoine scothaosta. Is minic gur ar mhic léinn agus daoine óga go príomha a dhírítear na tionscnaimh sin. Mar shampla, tá clár scoile cuimsitheach sa tSeicia ina múintear do dhaltaí conas glaoch ar uimhreacha éigeandála, conas iad féin a iompar i gcásanna contúirteacha, agus comharthaí cosanta agus bonnáin a thuiscint. Eagraítear gníomhaíochtaí freisin chun iompraíochtaí sábháilte a chur chun cinn sa saol laethúil agus le linn éigeandálaí, le haghaidh seanóirí agus daoine faoi mhíchumas, amhail Oilimpiaid na Sábháilteachta le haghaidh Leanaí agus Seanóirí na hOstaire.

## 4.3. An Bealach Chun Tosaigh

D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta, tá bearnaí suntasacha i bhfeasacht an phobail i gcónaí maidir le rioscaí agus ullmhacht, rud a chuireann i dtábhacht go bhfuil gá le straitéisí cumarsáide níos éifeachtaí agus níos cuimsithí. Braitheann an iomarca saoránach nach bhfuil siad ar an eolas nó nach bhfuil siad ullamh a ndóthain do thubaistí, rud a léirítear i dtorthaí an Eorabharaiméadair, agus bíonn dúshláin roimh na húdaráis náisiúnta maidir le tionchar tionscnamh cumarsáide a thomhas agus faisnéis a athrú go hiompraíocht athraithe. Léiríonn an fhianaise freisin gur gá grúpaí leochaileacha (amhail mic léinn, daltaí agus daoine óga, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus inimircigh) a chuimsiú níos fearr in iarrachtaí cumarsáide agus ullmhachta.

Chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin, tá gá le cur chuige níos réamhghníomhaí, níos cuimsithí agus níos rannpháirtí, infheistíocht a dhéanamh san oideachas, pobail agus

saoránaigh a mhealladh, muinín a chothú, agus ullmhacht idirghlúine a dhíríonn ar an athléimneacht a chur chun cinn. Tacóidh Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta leis an aistriú sin trína cur chuige uile-shochaí, agus é ag féachaint le cultúr ullmhachta agus athléimneachta a chothú ar fud an Aontais. Cuideoidh sineirgí leis an Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach chun an chumarsáid maidir le rioscaí agus bagairtí éagsúla a neartú, tabharfar tacaíocht do theachtaireachtaí poiblí comhleanúnacha agus cothófar ullmhacht níos ilchineálaí i measc an daonra ar fud an Aontais.

Beidh ról lárnach ag an tionscnamh *preparEU* maidir le fís Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí chun neamhthuilleamaíocht ar feadh 72 uair an chloig ar a laghad i gcásanna éigeandála agus géarchéime a chur chun cinn i measc an daonra. Chun tacú leis na húdaráis náisiúnta maidir le cumarsáid riosca, forbróidh an tAontas treoirlínte, seolfar oiliúint phíolótach i ndeireadh 2025, agus eagrófar Lá Ullmhachta bliantúil an Aontais. Áireofar i measc gníomhaíochtaí breise ullmhacht a chur chun cinn trí chláir oideachais agus óige agus trí thaighde nua a ghiniúint chun bonn eolais a chur faoin mbeartas agus faoin gcleachtas.

D'fhéadfadh sé gur ghá freisin saoránaigh a ullmhú ar bhealach níos fearr chun buntacaíocht sláinte a chur ar fáil i gcásanna géarchéime, lena n-áirítear cásanna cogaidh, trí thionscnaimh amhail fearais oiliúna garchabhrach nó cúlchiste sláinte saoránach a bhunú.

Beidh sé tábhachtach freisin feabhas a chur ar ullmhacht na bpobal sa chomharsanacht is gaire don Aontas, go háirithe réigiún na Meánmhara, ar mhaithe le hullmhacht an Aontais féin, ós rud é go mb'fhéidir go gcuirfeadh athléimneacht neamhleor thar lear le brúnna breise de bharr easáitithe agus éifeachtaí iarmharta eile a mbíonn tionchar díreach acu ar an Aontas.

## 5. LUATHRABHADH

**SAT 3 'Foláireamh' – Chun an córas luathrabhaidh a fheabhsú.** Ag tógáil ar Sprioc 3, rinne an Coimisiún agus na Ballstáit araon iarrachtaí breise laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach chun feabhas a chur ar chumais réamhaisnéise, braite agus foláirimh phoiblí – gné riachtanach de bhainistiú réamh-mheasta riosca.

Aithnítear go forleathan go bhfuil na córais luathrabhaidh **ar na huirlisí is éifeachtaí chun beatha daoine a shábháil agus caillteanais de dheasca tubaistí a laghdú**[20]**,** agus is gné lárnach iad d'iarrachtaí ullmhachta náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Go háirithe, tá gníomhaíocht i dtreo córais luathrabhaidh chuimsitheacha ilghuaise á cur chun cinn ag na Náisiúin Aontaithe trína thionscnamh suaitheanta *Early Warnings for All*[21].

San Aontas, is ar na húdaráis náisiúnta go príomha atá an fhreagracht as luathrabhaidh agus foláirimh phoiblí. **Tá ról comhlántach ag SACS** trí uirlisí trasnáisiúnta a fhorbairt, cumais feasachta staide LCPF a neartú, agus cúnamh teicniúil agus airgeadais a chur ar fáil le haghaidh cumais luathrabhaidh náisiúnta.

[20] Mar shampla: https://wmo.int/topics/early-warning-system; https://www.undrr.org/implementing-sendai-framework/sendai-framework-action/early-warnings-for-all.
[21] https://www.un.org/en/climatechange/early-warnings-for-all

## 5.1. TIONSCNAIMH ÓN GCOIMISIÚN

D’fhorbair an Coimisiún réimse leathan córas luathrabhaidh agus faisnéise (*féach Bosca 3*) ar féidir le húdaráis phoiblí na mBallstát iad a ghiaráil freisin chun a n-uirlisí náisiúnta a chomhlánú. Ina measc siúd, is mór an cuidiú iad na tionscnaimh a leagtar amach thíos chun tacaíocht a thabhairt don chosaint shibhialta agus do bhainistiú riosca tubaistí.

**Bosca 3: Córais Luathrabhaidh agus Faisnéise**

*i.* **Catalóg de 27 gcóras ar leibhéal an Aontais a chumhdaíonn cineálacha éagsúla guaiseacha** agus atá inrochtana d’údaráis náisiúnta cosanta sibhialta, a thacaíonn le faireachán riosca agus le cinnteoireacht;

*ii.* **An Córas Staide Domhanda**, ardán aonair ina dtugtar le chéile sonraí ó chórais luathrabhaidh agus faisnéise éagsúla ar leibhéal an Aontais, lena neartaítear cumas LCPF bagairtí atá ag teacht chun cinn a rianú agus tionchair chriticiúla a d’fhéadfadh a bheith ann a réamh-mheas. Tá an t-ardán **ar fáil d’údaráis náisiúnta cosanta sibhialta** freisin;

*iii.* **Seirbhís bainistithe práinne Copernicus (CEMS)**, a sholáthraíonn seirbhísí luathrabhaidh maidir le tuilte, falscaithe agus triomaigh, agus a chruthaíonn léarscáileanna chun tacú le hidirghabhálacha freagartha, téarnaimh agus coisctheacha, agus lena ngintear sonraí maidir le neamhchosaintí mar chabhair chun limistéir agus sócmhainní atá i mbaol a shainaithint;

*iv.* **An Chomhpháirtíocht Eolaíoch Eorpach um Ghuais Nádúrtha,** comhar eolaíoch lena gcuirtear sainfhaireachán fíor-ama ar fáil do LCPF maidir le dálaí falscaithe ar fud na hEorpa le linn shéasúr na bhfalscaithe. Chun an tairbhe sin a chomhroinnt leis na Ballstáit agus leis na Stáit Rannpháirteacha, sheol LCPF clár a thugann deis d’údaráis náisiúnta réamh-mheasúnuithe a iarraidh ar an gComhpháirtíocht Eolaíoch Eorpach um Ghuais Nádúrtha agus, ar an gComhpháirtíocht Eolaíoch Eorpach um Ghuaiseacha Antrapaigineacha i ndáil le guaiseacha raideolaíocha agus núicléacha, le haghaidh éigeandálaí atá ag bagairt.

Tá an Coimisiún ag obair ar thionscnaimh nua, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar uirlis a gineadh de thoradh innealtóireacht IS faoin tionscnamh IS chun Leas an Phobail. Beidh an uirlis comhtháite sa Chóras Faisnéise Domhanda um Fhalscaithe, agus í ag brath ar algartaim IS chun réamhaisnéisí ar chontúirtí falscaithe a shamhaltú, teagmhais falscaithe a bhrath, agus iompar falscaithe a thuar.

Dul chun cinn mór eile atá ar na bacáin is ea **Seirbhís Satailíte Rabhaidh Éigeandála Galileo,** a chuirfidh bealach foláirimh bunaithe ar shatailítí ar fáil chun teagmháil a dhéanamh le daoine i gceantair iargúlta nó i gceantair lagnascachta, fiú nuair nach bhfuil líonraí talún ar fáil. Neartófar athléimneacht na gcóras rabhaidh poiblí leis an tsraith bhreise sin d’acmhainneacht iomarcach, rud a léireoidh breisluach Chlár Spáis an Aontais maidir le tacaíocht a thabhairt don chosaint shibhialta agus bainistiú rioscaí tubaiste. Agus tástáil phíolótach ar siúl i roinnt Ballstát, táthar ag dréim leis an tseirbhís a bheith oibríochtúil faoi thús 2026.

Tacaíonn SACS freisin le **tionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le luathrabhadh**, amhail tionscnamh CoastWAVE[22] de chuid Choimisiún Idir-Rialtasach Aigéaneolaíochta UNESCO, arb é is aidhm dó pobail chósta i réigiúin an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus na Meánmhara a ullmhú le haghaidh súnámaithe agus guaiseacha cósta eile. Is

[22] https://tsunami.ioc.unesco.org/en/articles/coastwave

tionscnamh é a bhraitheann ar dhlúthchomhar idir údaráis éigeandála náisiúnta agus áitiúla, eolaithe agus pobail chósta, agus thug sé tacaíocht cheana féin do phobail sa Chipir, sa Ghréig, sa Spáinn, sa Tuirc, san Éigipt agus i Maracó.

Rinne an tAontas dul chun cinn suntasach i réimse an **fholáirimh phoiblí** trí Airteagal 110 den Chód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (Treoir (AE) 2018/1972), lena gceanglaítear ar na Ballstáit córas a bhunú chun gur féidir rabhaidh a sheoladh go díreach chuig fóin phóca daoine aonair i gcásanna éigeandála. Rinne formhór na dtíortha é sin a chur chun feidhme cheana féin, agus tá an próiseas á thabhairt chun críche fós ag cuid díobh.

## 5.2. TIONSCNAIMH NÁISIÚNTA

Tugann sonraí ó na Ballstáit agus ó na Stáit Rannpháirteacha le fios go bhfuil úsáid níos forleithne á baint as córais luathrabhaidh. Mar sin féin, níl mórán faisnéise ar fáil maidir le modheolaíochtaí agus bonneagar chun faireachán a dhéanamh ar ghuaiseacha, agus iad a bhrath agus maidir le cumais réamhaisnéise.

I gcomparáid le 2020, **tá líon níos mó tíortha a thuairiscíonn go bhfuil córais luathrabhaidh i bhfeidhm acu le haghaidh luathbhrath guaiseacha le haghaidh na bpríomhrioscaí uile**, agus gurb iad adhaimsir, rioscaí núicléacha agus raideolaíocha, agus tuilte is mó a thuairiscítear. Thuairiscigh tíortha maidir le córais luathrabhaidh freisin le haghaidh rioscaí amhail truailliú agus ollimirce, rioscaí nár tuairiscíodh roimhe seo, rud a léiríonn go bhfuil cumhdach córas luathrabhaidh á leathnú de réir a chéile.

Tá na naisc idir córais luathrabhaidh ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda á gcur ar a mbonn de réir a chéile freisin, agus líon níos mó tíortha ná in 2020 á léiriú go bhfuil a gcóras náisiúnta nasctha le córais luathrabhaidh ar an leibhéal Eorpach nó ar an leibhéal domhanda. Is lú ná deich dtír, áfach, a luann socruithe comhair trasteorann maidir le córais luathrabhaidh, rud a thugann le fios go bhfuil deiseanna ann i gcomhair feabhais. Tá tíortha a thugann le fios go n-úsáidtear tacaíocht deontóirí chun a gcórais foláirimh phoiblí a leathnú, rud a neartaíonn na cumais rabhaidh phoiblí.

## 5.3. An Bealach Chun Tosaigh

Cé gurb iad teicneolaíocht agus eolas ar rioscaí bunchloch an luathrabhaidh, braitheann sé go mór ar thosca eagraíochtúla agus daonna chun a bheith éifeachtach. Beidh gá le hiarrachtaí leanúnacha chun a áirithiú, tar éis comharthaí luathrabhaidh, go mbeidh foláirimh thráthúla chuimsitheacha ann don phobal, mar aon le pleananna teagmhasacha agus freagairtí eolasacha aonair. Ar leibhéal an Aontais, agus mar a leagtar amach i Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta, áirítear ar na tosaíochtaí CEMS a fheabhsú a thuilleadh, úsáid agus comhtháthú na seirbhíse sna córais náisiúnta a chur chun cinn, agus réitigh idir-inoibritheacha ar ghuaiseacha ilchineálacha a chur ar aghaidh.

Beidh cumais feasachta staide LCPF á bhforbairt agus á mbeachtú i gcónaí. Cé gur céim mhór chun cinn é ardán nua an chórais staide domhanda, tá deis ann tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh trí fhaireachán earnála a ionchorprú chun léargais gar d'fhíor-am ar shuaití seirbhísí criticiúla a chur ar fáil, amhail fuinneamh, iompar nó cúram sláinte, chun tacú le feasacht staide níos cuimsithí agus níos réamh-mheasta[23].

[23] COM(2025)286, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex:52025DC0286

Ós rud é go mbíonn luathrabhadh éifeachtach ag brath freisin ar thosca láidre eagraíochtúla agus daonna, beidh sé ríthábhachtach cur le feasacht agus ullmhacht an daonra chun gníomhaíocht sábhála beatha daoine a dhéanamh den luathrabhadh. Le seoladh Sheirbhís Satailíte Rabhaidh Éigeandála Galileo in 2026 táthar ag dréim le feabhas suntasach ar na cumais foláirimh phoiblí, agus le raon feidhme agus acmhainneacht iomarcach an chórais a fhorbairt.

Chun éifeachtacht córas luathrabhaidh a áirithiú, beidh gá le hiarrachtaí leanúnacha chun próisis bhunúsacha a neartú, cuimsitheacht a chur chun cinn, cineálacha cur chuige ilghuaise a chur ar aghaidh, agus comhtháthú trasteorann córas luathrabhaidh a neartú. Beidh Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta mar threoir do na hiarrachtaí sin, agus tabharfar tús áite d'fhorbairt agus úsáid uirlisí ar leibhéal an Aontais agus do chumais faireacháin trasearnála LCPF a leathnú chun tacú le feasacht staide níos cuimsithí.

D'fhéadfaí an fios gnó sin, mar aon leis na córais agus na hacmhainneachtaí is gá, a chomhroinnt freisin leis na húdaráis sa chomharsanacht is gaire don Aontas ní hamháin chun a gcumais a fhorbairt, ach chun sineirgí agus an idir-inoibritheacht a fhorbairt freisin.

## 6. ATHLÉIMNEACHT NA COSANTA SIBHIALTA

Províonn **SAT 4 'Freagairt'** ar acmhainneacht freagartha SACS a fheabhsú. Chun fanacht chun cinn ar chastacht na timpeallachta riosca, castacht atá ag dul i méid, agus chun an ullmhacht a chur ar aghaidh, tá SACS ag díriú ar **acmhainneachtaí práinnfhreagartha** a fhorbairt, amhail trealamh speisialaithe agus foirne speisialaithe, agus cumais ghaolmhara. Léirítear na hiarrachtaí sin sa Tuarascáil ón gCoimisiún ar Dhul Chun Cinn na hAcmhainneachta, tuarascáil a glacadh le déanaí, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre comhfhreagrach[24].

Is é is aidhm do **SAT 5 'Daingniú'** athléimneacht na cosanta sibhialta a fheabhsú, agus ailíniú le creataí an Aontais agus ECAT chun athléimneacht a fhorbairt i bhfeidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha, amhail Treoir an Aontais maidir le hAthléimneacht na nEintiteas Criticiúil (AE 2022/2557)[25] agus ceanglais bhonnlíne athléimneachta ECAT. Déanann sé feabhas an leanúnachais gnó a chur chun cinn, rud a fheabhsóidh an comhordú trasearnála agus trasteorann, an chumarsáid riosca agus bainistiú faisnéise, agus comhpháirtíochtaí leis an earnáil phríobháideach, leis an tsochaí shibhialta agus le heagraíochtaí deonacha. Cuireann sé meastóireacht agus foghlaim iarthubaiste chun cinn freisin chun ullmhacht, freagairt agus cosc a fheabhsú.

### 6.1. TIONSCNAIMH DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

#### *6.1.1. Tionscnamh suaitheanta maidir le tástáil struis a dhéanamh ar lárionaid oibríochta éigeandála*

Chun feabhas a chur ar **leanúnachas gnó na n-oibríochtaí éigeandála laistigh de SACS**, sheol an Coimisiún tionscnamh suaitheanta ina bhfuil dhá phríomh-chomhpháirt: (i) tástáil struis a dhéanamh ar leanúnachas gnó LCPF agus (ii) tacú le pointí teagmhála náisiúnta ina

[24] SWD/2025/146 final (leathanaigh 23-44), https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52025SC0146
[25] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32022L2557

gcuid tástálacha féin le modheolaíocht dheonach agus malartú taithí deonach. Measúnaítear gnéithe criticiúla den leanúnachas gnó leis an bhfreachnamh, mar shampla, feidhmeanna agus saoráidí fíor-riachtanacha agus trealamh fíor-riachtanach a shainaithint, acmhainní daonna agus comhordú na n-acmhainní sin, na sreafaí oibre maidir le teachtaireachtaí, agus druileanna agus freachnaimh a dhéanamh.

Go dtí seo, **tá tástálacha struis déanta ag deich dtír agus ag LCPF,** agus chomhroinn siad a gcuir chuige agus na ceachtanna a foghlaimíodh. Ba chuidiú é an tionscnamh chun feasacht maidir le leanúnachas gnó a mhúscailt agus réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu a shainaithint. Leanadh de in 2025, nuair a bhí ceardlanna ann chun taithí ó fhreachnaimh náisiúnta a chomhroinnt agus treoirlínte neamhcheangailteacha a fhorbairt maidir le leanúnachas gnó laistigh de SACS. Chun a áirithiú go mbeidh malartuithe leanúnacha ann maidir le leanúnachas oibríochtúil 24/7 le linn teagmhais shuaiteacha, bunóidh an Coimisiún grúpa saineolaithe tiomnaithe. Is féidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh ón tionscnamh sin bonn eolais a chur faoin obair chun leanúnachas feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha a áirithiú faoi Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta.

*6.1.2. Ullmhacht agus comhordú a thástáil le linn géarchéimeanna casta*

In 2024, bhí LCPF i gceannas ar **fhreachnamh mórscála 'Rún Comhtháite an Aontais 2024 – Freachnamh Comhthreomhar agus Comhordaithe (EU IR24 – PACE)'** chun ullmhacht ar leibhéal an Aontais a thástáil le haghaidh géarchéimeanna hibrideacha, casta. Tástáladh feidhmeanna SACS agus LCPF leis an bhfreachnamh, agus rinneadh meastóireacht ar a bhfeidhmíocht le linn géarchéim chasta ina raibh comhordú trasearnála, trasteorann agus sibhialta-míleata ag teastáil. Bhí os cionn 900 rannpháirtí páirteach i measc pleanálaithe agus lucht féachana oiliúna ó sheirbhísí an Choimisiúin, ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, ó ghníomhaireachtaí an Aontais, ón gComhairle, ó 24 Bhallstát, ón Iorua, ó na Stáit Aontaithe agus ó ECAT.

An bhliain chéanna, d'fhreagair SACS iarraidh chomhpháirteach ón Eastóin, ón Laitvia agus ón Liotuáin chun measúnú a dhéanamh ar a n-ullmhacht agus ar **a bhfreagairt i gcás oll-aslonnuithe**. Rinne foireann ar a raibh 20 saineolaí ó na Ballstáit meastóireacht ar nósanna imeachta náisiúnta le haghaidh oll-aslonnuithe, comhar réigiúnach, ullmhacht phoiblí, agus ról SACS i gcásanna den sórt sin, agus sholáthair siad moltaí maidir le réimsí amhail pleanáil, dídean éigeandála, aslonnú leighis agus straitéisí maolaithe le haghaidh riosca ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach (CBRN). Le linn dóibh an obair sin a dhéanamh, chuaigh na saineolaithe i dteagmháil le hionadaithe ó institiúidí stáit agus bardasacha agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha.

*6.1.3. Ceachtanna a fhoghlaim ó ghníomhachtú SACS ar mhaithe le cosc, ullmhacht agus freagairt*

**Faoin gClár um Cheachtanna Foghlamtha** de chuid SACS, tugtar deis do na Ballstáit agus na Stáit Rannpháirteacha machnamh a dhéanamh ar eispéiris a bhain le gníomhachtuithe SACS, agus réimsí a shainaithint ina bhféadfaí feabhas a chur ar an bhfreagairt, ar an ullmhacht agus ar an gcosc. De bhreis ar na cruinnithe ginearálta maidir leis an gclár um cheachtanna foghlamtha, dírítear i gcruinnithe tiomnaithe ar ábhair shonracha, amhail falscaithe, tuilte, freagairt ar chreathanna talún móra, nó aslonnuithe consalachta, lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí coisc, ullmhachta agus freagartha. Mar thoradh ar na cruinnithe sin, tá bearta ann amhail reamhshuíomh comhraiceoirí dóiteáin agus ullmhacht na hEorpa a fheabhsú chun

falscaithe a chomhrac, lena n-áirítear trí mhéadú ar acmhainneachtaí aerchomhraic rescEU in aghaidh dóiteáin foraoise.

I gcás ina ndearna na Ballstáit agus na Stáit Rannpháirteacha SACS a ghníomhachtú arís agus arís eile le haghaidh tubaistí den chineál céanna, rinne an Coimisiún anailísí críochnúla ar na himthosca agus ar na gníomhaíochtaí chun **an cosc agus an ullmhacht a fheabhsú, de bhun Airteagal 6(4) den Chinneadh maidir le SACS.** Téann an Coimisiún i dteagmháil go gníomhach leis na húdaráis náisiúnta in idirphlé chun bearta coisc agus ullmhachta a neartú, agus cuirtear tacaíocht ón Aontas ar fáil le haghaidh an phróisis sin.

## 6.2. TIONSCNAIMH NÁISIÚNTA

Chuaigh údaráis cosanta sibhialta i mbun comhar trasearnála níos leithne, treocht ar cuireadh dlús leis mar gheall ar phaindéim COVID-19. Tuairiscíonn go leor tíortha go bhfuil struchtúir bhuana acu chun iarrachtaí i measc earnálacha, leibhéil riaracháin agus páirtithe leasmhara éagsúla a chomhordú. Is fada measúnuithe riosca náisiúnta, mar shampla, á mbunú ar chineálacha cur chuige trasearnála agus il-pháirtithe leasmhara. Mar sin féin, **leagtar béim i gcónaí sna tuarascálacha náisiúnta agus sna hathbhreithnithe piaraí ar an ngá le tuilleadh feabhais a chur ar chineálacha cur chuige comhtháite i leith pleanála agus cur chun feidhme**. Cé go dtéann go leor tíortha i gcomhairle leis an earnáil phríobháideach, go háirithe le hoibreoirí bonneagair chriticiúil, is minic gur socruithe *ad hoc* iad sin.

Maidir le comhar trasteorann, tuairiscíonn na Ballstáit agus na Stáit Rannpháirteacha **comhaontuithe comhair déthaobhacha agus iltaobhacha éagsúla le tíortha comharsanacha, agus le heagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta**. Ar na samplaí suntasacha den dea-chleachtas tá an réigiún Nordach, Benelux agus réigiún Mhuir Bhailt, áit a n-éascaítear comhordú géarchéime, malartú faisnéise riosca, cúnamh frithpháirteach agus freachnaimh chomhpháirteacha a eascraíonn as struchtúir chomhair sheanbhunaithe.

Cé go mbraitheann athléimneacht na cosanta sibhialta ar **mhaoiniú leordhóthanach solúbtha** chun mearfhreagairt éigeandála agus infheistíocht mharthanach a chumasú, tá easpa faisnéise náisiúnta ann maidir le foinsí cistiúcháin agus leithdháileadh an chistiúcháin. Cé go dtuairiscíonn formhór na mBallstát agus na Stát Rannpháirteach go bhfuil socruithe acu le haghaidh leithdháileadh solúbtha cistí a mbeadh géarghá leo, níl ach cúpla tír a oibríonn **cistí tiomnaithe cúltaca tubaiste** a chuirtear i leataobh go sonrach le haghaidh freagairt do thubaistí – murab ionann agus cúlchistí teagmhasacha ginearálta – rud a thabharfadh intuarthacht níos fearr maidir leis an gcistiú agus rochtain níos tapúla air.

Tuairiscíonn tíortha maidir le hionstraimí airgeadais agus foinsí cistiúcháin éagsúla atá ar fáil chun infheistíochtaí cosanta sibhialta a mhaoiniú, ó fhoinsí poiblí den chuid is mó. Is beag tír a thugann faisnéis maidir le tosaíochtaí infheistíochta agus leithdháileadh cistí ar ghníomhaíochtaí coisc agus ullmhachta. Bíonn ról comhlántach ag **cistiú ón Aontas** maidir le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí infheistíochta agus tacú le hiarrachtaí náisiúnta chun córais cosanta sibhialta a neartú. Mar sin féin, is deacair i gcónaí d’údaráis cosanta sibhialta rochtain a fháil ar na hacmhainní sin mar gheall ar shrianta ar acmhainneachtaí riaracháin agus easpa cur amach ar na rialacha cistiúcháin.

## 6.3. An Bealach Chun Tosaigh

Tá gealladh faoin tástáil struis ar leanúnachas gnó na lárionad oibríochtaí éigeandála, agus ba cheart freachnaimh chomhchosúla a fhorbairt chun réimsí a shainaithint a bhféadfaí feabhas a chur orthu agus an fhoghlaim fhrithpháirteach a éascú. Beidh sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh in athléimneacht sócmhainní fisiciúla agus próiseas oibríochtúil freisin chun leanúnachas na seirbhísí cosanta sibhialta a áirithiú.

Tá ríthábhacht le hathléimneacht airgeadais freisin, agus beidh gá le cistiú leordhóthanach, solúbtha agus marthanach ar gach leibhéal chun tacú le hullmhacht agus oibríochtaí éifeachtacha. Rinneadh dul chun cinn maidir le hathléimneacht a chothú trí chomhpháirtíochtaí trasteorann agus trasearnála, ach tá gá le tuilleadh oibre chun bacainní dlíthiúla agus riaracháin ar an ngníomhaíocht chomhpháirteach cosanta sibhialta a shárú. Is féidir le huirlisí amhail

BridgeforEU[26] cuidiú chun an comhar a éascú, agus le creataí straitéiseacha bainistithe riosca tubaistí is féidir cineálacha cur chuige uile-rialtais níos comhordaithe a chumasú.

Beidh ról lárnach ag Straitéis an Aontais um Aontas na hUllmhachta chun an ghníomhaíocht a threorú maidir le hathléimneacht uile-chórais ar fud na réimsí beartais ábhartha faoi chur chuige uile-rialtais, lena n-áirítear íoschritéir ullmhachta a fhorbairt do na seirbhísí fíor-riachtanacha. Ní mór a bheith níos córasaí agus aghaidh á tabhairt ar dheacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar fhoinsí cistiúcháin ó réimsí beartais eile trí fhothú acmhainneachta níos fearr agus malartú dea-chleachtais i measc seirbhísí agus tíortha d'fhonn cur chuige níos comhtháite a bhaint amach agus an athléimneacht agus ullmhacht i leith tubaistí agus géarchéimeanna a neartú.

Tá bearta déanta ag SACS chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin trí fheasacht a mhúscailt, cúnamh a thabhairt le haghaidh forbairt tionscadal, agus uirlisí chun tacú le pleanáil infheistíochtaí. Beidh uas-scálú le déanamh ar na hiarrachtaí sin chun freastal ar an méadú ar an éileamh.

## 7. Uas-scálú tacaíochta d'iarrachtaí náisiúnta: sraith straitéisí um fhothú acmhainneachta a fhorbairt

Tá **an Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta anois ina mhol do phobal na cosanta sibhialta** ó seoladh é in 2021, agus cuireann sé ar a gcumas do pháirtithe leasmhara nascadh le chéile agus a saineolas a chomhroinnt, rud a chuireann le leibhéal ullmhachta oibríochtaí práinnfhreagartha SACS. Trína ardán gréasáin, a nuachtlitir agus a imeachtaí, coinníonn an Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta an pobal ar an eolas faoi chur chun feidhme SATanna agus topaicí gaolmhara. Tá Leabharlann Eolais ar líne[27], a sheol an líonra in 2024, ar leabharlann í ina bhfuil taisclann acmhainní maidir le SATanna agus bainistiú riosca tubaistí, agus cuireann pléghrúpaí idirghníomhacha[28], amhail an pléghrúpa maidir le cumarsáid riosca, ar a gcumas do chleachtóirí smaointe agus dea-chleachtais a mhalartú.

**Leathnaigh an Coimisiún sraith uirlisí fothaithe acmhainneachta SACS** chun tacaíocht níos fearr a thabhairt d'iarrachtaí cosanta sibhialta maidir le rioscaí tubaistí a chosc, maidir le hullmhacht agus maidir leis an athléimneacht a fhorbairt. Tá an tsraith uirlisí ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha SACS agus leis na SATanna, agus áirítear orthu:

I. **Deontais SACS le haghaidh Athléimneacht ó Thubaistí:** 'Cúnamh Teicniúil do Bhainistiú Riosca Tubaistí' (Rian 1)[29], a dhíríonn ar thionscadail tíre aonair, agus 'Eolas le haghaidh Gníomhaíocht maidir le Cosc agus Ullmhacht' (KAPP)[30], a thacaíonn le tionscnaimh chomhair iltíre;
II. **An tSaoráid Mhaoiniúcháin um Chúnamh Teicniúil (TAFF)**[31], a tugadh isteach in 2024 chun saineolas a thairiscint maidir le bainistiú riosca tubaistí arna sholáthar ag an mBanc Domhanda agus ag an tSaoráid Dhomhanda um Laghdú Tubaistí agus um Théarnamh ó Thubaistí.

[26] COM(2023) 790 final an 12.12.2023.
[27] https://civil-protection-knowledge-network.europa.eu/knowledge-library
[28] https://civil-protection-knowledge-network.europa.eu/groups
[29] https://civil-protection-knowledge-network.europa.eu/technical-assistance-disaster-risk-management-call-proposals-track1
[30] https://civil-protection-knowledge-network.europa.eu/knowledge-action-prevention-preparedness-call-proposals-kapp
[31] https://civil-protection-knowledge-network.europa.eu/technical-assistance-financing-facility-taff

Fuair 65 thionscadal ó thíortha éagsúla tacaíocht faoi Rian 1, KAPP, agus TAFF in 2023-2024; bhí ranníocaíocht iomlán EUR 43 mhilliún ann ón Aontas. Tugadh aghaidh ar na SATanna uile leis na tionscadail sin.

III. Faoin **gClár Athbhreithnithe Piaraí de chuid SACS**, bhí deis á tabhairt i gcónaí d'údaráis cosanta sibhialta náisiúnta agus réigiúnacha measúnú neamhspleách a fháil ar a gcórais bainistithe riosca tubaiste ó phiaraí i dtíortha eile le linn leagan 2022-2024 den chlár. Nuashonraíodh an clár agus tá modheolaíocht nua san áireamh ann a saincheapadh le haghaidh bainistiú an riosca falscaithe, modheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm in athbhreithnithe ar bhainistiú an riosca falscaithe sa Ghréig[32], san Iodáil[33], agus i ndúiche Brandenburg[34] sa Ghearmáin, léiriú ar a inoiriúnaithe atá an cur chuige i leith comhthéacsanna náisiúnta agus réigiúnacha.

I gceardlann in 2024[35], ar ar fhreastail ionadaithe ó na tíortha a athbhreithníodh agus ó phiaraí arbh athbhreithnitheoirí iad, tugadh le fios gur bhain ardleibhéal fiúntais le clár an athbhreithnithe piaraí maidir le comhroinnt eolais a éascú agus feabhsuithe a spreagadh. Aithníodh go forleathan na feabhsuithe a rinneadh le linn thimthriall 2022-2024, lena n-áirítear mionchoigeartuithe ar an bpróiseas, an creat anailíseach, agus cur chun cinn an athchóirithe, agus tugadh aitheantas dóibh.

In 2024, rinne SACS **ceithre mhisean coisc agus ullmhachta** sa tSeicia maidir le bainistiú riosca falscaithe, sa tSile maidir le dóiteáin foraoise, san Úcráin maidir le CBRN, agus san Eastóin, sa Laitvia agus sa Liotuáin maidir le holl-aslonnú.

Chuidigh **clár oiliúna SACS**, clár cuimsitheach, chun saineolaithe a ullmhú agus feabhas a chur ar acmhainneachtaí freagartha do chineálacha éagsúla tubaistí. In 2023, athbhreithníodh an clár chun inniúlachtaí aonair saineolaithe agus pearsanra a neartú, agus chun comhordú agus idir-inoibritheacht na n-acmhainneachtaí freagartha a bhfuil baint acu leis an húsáid idirnáisiúnta a neartú. Rinneadh tríocha freachnamh (EU MODEX agus freachnaimh ar scála iomlán) bunaithe ar chásanna sonracha, lena n-áirítear creathanna talún, éigeandálaí leighis, dóiteáin foraoise, tuilte, agus CBRN. Ba chuidiú iad na gníomhaíochtaí sin chun leibhéal comhchoiteann ullmhachta an Aontais a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí tubaistí.

## 7.1. An Bealach Chun Tosaigh

Rinneadh forbairtí suntasacha ar uirlisí tacaíochta SACS, chun raon níos leithne roghanna atá ailínithe leis na SATanna a chur ar fáil agus deis oiriúnaithe a thabhairt freisin chun freastal ar riachtanais uathúla na n-údarás náisiúnta agus réigiúnach. Rinneadh an Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta a fhorbairt a thuilleadh chun an rochtain ar dhea-chleachtais, ar thaighde agus ar fhoghlaim fhrithpháirteach a éascú.

[32]https://civil-protection-humanitarian-aid.ec.europa.eu/document/download/a7be6df5-6e70-4397-ae7e-53f5d74374da_en?filename=EL%20Peer%20Review_final%20report.pdf
[33]https://civil-protection-humanitarian-aid.ec.europa.eu/document/download/10fe9a6f-869e-4fa6-923e-d4bdc8400129_en?filename=peer%20review%20wildfires%20italy_final%20report%202024.pdf
[34]https://civil-protection-knowledge-network.europa.eu/system/files/2025-07/wildfire-peer-review-lb_final-report-june-2025_en.pdf
[35] https://civil-protection-knowledge-network.europa.eu/news/ucpm-peer-review-programme-lessons-learnt-and-next-steps

Sna blianta amach romhainn, tabharfar creat ginearálta an mheasúnaithe athbhreithnithe piaraí cothrom le dáta, lena n-áiritheofar go mbeidh sé ábhartha agus éifeachtach i gcónaí. Thairis sin, beartaítear sé athbhreithniú piaraí idir 2025 agus 2027, ag tosú leis an gCosaiv* agus leis an tSeicia, agus tabharfaidh siad deiseanna luachmhara le haghaidh foghlaim fhrithpháirteach agus malartú dea-chleachtas. Tríd an bhforbairt leanúnach agus trí fheabhas a chur ar na huirlisí tacaíochta, is fearr a bheidh an Coimisiún, na Ballstáit agus na Stáit Rannpháirteacha in ann an bainistiú riosca agus forbairt na hathléimneachta a threisiú.

* Tá an t- ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le Rún 1244 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le Dearbhú Neamhspleáchais na Cosaive.

## 8. CONCLÚIDÍ

D'fheabhsaigh bainistiú rioscaí tubaiste san Aontas go mór le blianta beaga anuas trí chóras cosanta sibhialta an Aontais a neartú, rud a léiríonn go bhfuil sé in ann oiriúnú don mhéadú ar éilimh tírdhreacha riosca atá ag athrú go tapa. Ar an gcaoi chéanna, léiríonn an tuairisciú náisiúnta faoin gCinneadh maidir le SACS go bhfuil dul chun cinn leanúnach á dhéanamh leis an mbainistiú riosca ar an leibhéal náisiúnta. De réir mar a leathnaíonn acmhainneacht SACS agus a chumas freagartha, mar aon le béim níos mó ar bhainistiú réamhghníomhach riosca agus ar fhorbairt na hathléimneachta, is fearr a bheidh an tAontas in ann aghaidh a thabhairt ar thubaistí a bheidh i bhfad níos casta.

Ba chloch mhíle mhór é glacadh na SATanna in 2023, rud a sholáthair comhthuiscint maidir lenarb áil a bhaint amach ar fud cúig phríomhréimse den chosaint shibhialta: feabhas a chur ar an réamh-mheas, ar ullmhacht an daonra, luathrabhadh, acmhainneacht freagartha, agus athléimneacht na cosanta sibhialta. Leis na tionscnaimh shuaitheanta thiomnaithe a lean na tosaíochtaí sin rinneadh gníomhaíocht nithiúil de na tosaíochtaí, chuathas i bpáirt le húdaráis náisiúnta cosanta sibhialta agus le comhpháirtithe eile i gcomhiarracht chun athléimneacht an Aontais a mhéadú.

Ní hamháin go bhfuil dul chun cinn SACS ábhartha mar fhorbairt earnála ach déanann sé eolas freisin don iarracht straitéiseach níos leithne chun ullmhacht an Aontais a neartú. I Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta, a bhfuil fís chuimsitheach inti d'ullmhacht an Aontais, leagtar amach gníomhaíochtaí ar mhaithe le bheith níos fearr i mbun raon leathan rioscaí agus bagairtí a réamh-mheas agus a chosc agus freagairt dóibh, agus chun feasacht a mhúscailt agus cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal agus dul i dteagmháil leis na saoránaigh. Tugann an dlúth-ailíniú idir obair SACS agus fís Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta deis uathúil don Aontas láidreachtaí agus saineolas SACS a ghiaráil chun dlús a chur leis an dul chun cinn maidir le hullmhacht agus forbairt na hathléimneachta.

Léirigh SACS a fhiúntas mar phríomh-chomhpháirt de chóras cosanta sibhialta an Aontais. Ach leanúint dá fhorbairt, go háirithe trí chur chun feidhme na SATanna amach anseo, agus a uirlisí fothaithe acmhainneachta faoin Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta a bheith á bhforbairt i gcónaí, soláthrófar rannchuidiú fíor-riachtanach do raon feidhme agus d'uaillmhian ghinearálta Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta.

Ag féachaint chun cinn, agus i dtimpeallacht riosca atá ag athrú go tapa, beidh ríthábhacht i gcónaí le hiarrachtaí breise. Chun athléimneacht na hEorpa a neartú, beidh gá le tiomantas marthanach agus gníomhaíocht chomhchoiteann ón Aontas ina iomláine, óna Bhallstáit, agus ón tsochaí shibhialta. Beidh ríthábhacht le cur chuige cuimsitheach a ndéanfaidh an riosca eolas dó chun leochaileachtaí a laghdú agus infheistíochtaí straitéiseacha a threorú i gcumais sin an Aontais a mbeidh gá leo chun géarchéimeanna amach anseo a chosc agus a mhaolú, agus chun ullmhú dóibh agus téarnamh uathu.

Ní mór comhar maidir le hullmhacht a leathnú lasmuigh den Aontas, chuig an ngarchomharsanacht, freisin. Trí fheabhas a chur ar an athléimneacht sna réigiúin sin, rannchuideofar leis an tslándáil i gcomhpháirt, rud a threiseoidh athléimneacht an Aontais féin ar deireadh thiar.